An Roinn Oideachais agus Scileanna

Department of Education and Skills

Meastóireacht Scoile Uile
TUAIRISC

Gaelscoil de hÍde,
Mainistir Fhearmaí, Co. Chorcaí
Uimhir rolla: 19851H

Dáta na cigireachta: 21 Aibreán 2016

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

1. Réamhrá

Bunaíodh Gaelscoil de hÍde i 1984. Is scoil lán-Ghaeilge í faoi phátrúnacht easpaig Caitliceach Cluain Uamha. Tá sí suite i bhfoirgneamh sealadach ar thaobh na príomhshráide. Tá foirgneamh úrnua á thógáil faoi láthair di, maoinithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna. Tá 407 dalta ag freastal ar an scoil. Glacann an scoil páirt rialta in imeachtaí pobail éagsúla. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn, agus beidh freagra an bhoird ar fáil san aguisín atá leis an tuairisc seo.

2. Achoimre ar chinntí agus moltaí d'fhorbairt bhreise

Is iad seo a leanas **na príomhchinntí:**

- Tá cáilíocht an teagaisc agus na foghlama go maith i gcoitinne.
- Tá an bord bainistíochta agus Coiste Cháirde na Scoile tiomanta d'obair na scoile.
- Tá foireann teagaisc dÍograiseach sa scoil.
- Tá éagsúlacht cleachtais i bpleanáil na n-oidí.
- Is gá leanúnachas agus dul chun cinn a chlárú go soiléir sa phlean scoile.
- Déanann an fhoireann bainistíochta in-scoile obair fhiúntach ach tá scóip ann an ról ceannaireachta curaclam a fhorbairt a thuilleadh.
- Léiríonn daltaí dea-nósanna béasaíochta agus an-shuim ina gcuid foghlama.
- Sonraítear atmaisféar dearfach agus dílseacht don chultúr Gaelach.
- Ní mór an méid difreálaithe a dhéantar ins na ranganna.

Tá na **príomh-mholtaí** seo a leanas á ndéanamh:

- Moltar leanúnachas agus dul chun cinn a chlárú go soiléir ins an plean uile-scoile.
- Moltar chomh maith cur chuige comhaontaithe a chur i bhfeidhm maidir le pleanáil aonair na n-oidí.
- Ba de thairbhe na scoile cinnireacht níos comhoibrí agus níos dáilí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.
- B'fhiú ról na foirne bainistíochta in-scoile a fhorbairt a thuilleadh maidir le cur i bhfeidhm an churaclam
- Chun freastal ar riachtanais sainiúla na ndaltaí uilig, is gá difreálú a fhorbairt a thuilleadh agus go córasach ar bhonn uile-scoile.
- Moltar measúnú cuspóir–bunaithe a fhorbairt thar an curaclam ar fad ar bhonn uile-scoile.

3. Cáilíocht bhainistíocht na scoile

- Tá an bord bainistíochta nua-cheaptha tiomanta dá dualgaisí a chomhlíonadh go gairmiúil. Buaileann an bord uair in aghaidh na míosa. Coinnítear miontuairiscí cuimsitheacha ar obair na gcruinnithe. Soláthraíonn an cisteoir tuairisc airgeadais ag gach cruinniú. Deimhnítear na cuntais go neamhspleách go bliantúil. Soláthraíonn an príomhoide tuairisc cuimsitheach, cúrsaí cosanta leanaí san áireamh, ag gach cruinniú. Tá plean straitéise 2016-2019 soláthraithe ag an mbord chun a cuid oibre a threorú. Moltar tuairisc comhaontaithe a eisiúint do rannpháirtithe i ndiaidh cruinnithe boird. Moltar, chomh maith, tuarascáil bliantúil a sholáthar ar obair an bhoird chun cloí le forálacha an Achta Oideachais (1998).

- Treoraíonn an príomhoide obair na scoile go coinsiasach. Tá sé tiomanta d'ardchaighdeán oideachais trí Ghaeilge a sholáthar do dhaltaí. Tacaíonn foireann bhainistíochta in-scoile leis. Tá cúramaí oiriúnacha á chomhlíonadh acu. Moltar athbhreithniú comhoibreach agus rialta a dhéanamh ar na dualgaisí seo chun deimhin a dhéanamh de go bhfreastlaíonn siad ar riachtanais síor-athraithe na scoile. Ar an iomlán b'fhiú stíl chinnearachta níos comhoibrí agus níos dáilí a fhorbairt chun obair na bainistíochta a chur chun cinn a thuilleadh. B'fhiú chomh maith freastal ar chúrsa cinnireachta chun scileanna bainistíochta na foirne a fhorbairt níos mó. Oibríonn an fhoireann iomlán go coinsiasach chun freastal ar riachtanais foghlama daltaí uile na scoile. Chuir oidí in iúil trí cheistneoirí na Roinne Oideachais agus Scileanna go n-oibríonn siad go maith i gcomhpháirt agus go roinneann siad dea-chleachtas lena chéile. Chuir mionlach suntasach in iúl, áfach, go bhfuil scóip d'fhorbairt bhreise maidir le cumarsáid sa scoil.

- Tá cáilíocht bhainistiú acmhainní go maith i gcoitinne. Tá raon leathan áiseanna teagaisc ar fáil sa scoil. Tugtar deiseanna d'oidí ranganna éagsúla a mhúineadh thar na blianta. Soláthraítear timpeallacht spreagúil foghlama ins na seomraí ranga. Moltar leabharlanna ranga a fhorbairt a thuilleadh chun tacú le chur chun cinn scileanna léitheoireachta na ndaltaí. Admhaítear ról an rúnaí agus an feighlí in obair na scoile.

- Caitear go lách, cineálta le daltaí na scoile. Léirigh siad deá-nósanna béasaíochta le linn tréimhse na meastóireachta. Rinneadh feitheoireacht cuí orthu i gcónaí le linn an tréimhse réamhluaite. Cuirtear cód dea-iompair agus frithbhualaíochta oiriúnach i bhfeidhm ar bhonn uile-scoile. Cuireann oidí seachtracha ceachtanna éagsúla ar fáil do dhaltaí le linn ama scoile. Íocann daltaí as roinnt de na ceachtanna seo. Moltar an cleachtas seo a athrú gan mhoill. Léirigh daltaí, trí cheistneoirí na Roinne Oideachais agus Scileanna, go dtaitníonn an scoil leo. .

- Níl cumann tuismitheoirí sa scoil. Tá coiste chairde na scoile ag obair go díograiseach ar son maoin bhreise a chur ar fáil don scoil. Reachtaíonn an coiste seo imeachtaí éagsúla i rith na scoilbhliana. B'fhiú cumann tuismitheoirí a bhunú agus é a ghríosadh chun nascadh le Comhairle Náisiúnta Tuismitheoirí. Thabharfadh sé seo deis do thuismitheoirí ionchur a bheith acu i bhforbairt polasaithe. Ag cruinniú leis an gcigire, chuir ionadaithe na dtuismitheoirí ar an mbord bainistíochta, in iúl go bhfuil siad an-sásta le cáilíocht an teagaisc agus na foghlama sa scoil. Thacaigh torthaí na gceistneoirí a dháileadh ar thuismitheoirí leis an dtuairim seo.

4. Cáilíocht na pleanála scoile agus na féinmheastóireachta scoile

- Is inmholta an réimse leathan polasaithe fiúntacha atá faofa ag an mbord bainistíochta. Chun cur leis an obair seo moltar leanúnachas agus dul chun cinn a chlárú go soiléir sa phlean uile-scoile chun obair na ranganna a threorú. Tá tuairisc agus plean feabhsaithe soláthraithe mar chuid den phróiseas Féin –Mheastóireacht Scoile. Cuireadh guth na ndaltaí san áireamh sa phróiseas seo. Is gá anois achoimre ar an obair seo a fhoilsiú.

- Soláthraíonn oidí pleanáil rialta faoi choinne a gcuid teagaisc. Tá éagsúlacht cur chuige sna cáipéisí seo. Moltar don fhoireann cur chuige comhaontaithe a chur i bhfeidhm. B'fhiú torthaí foghlama soiléire a chlárú sna cáipéisí seo chun an teagasc a threorú. Ba de thairbhe an teagaisc dá nascfaí pleanáil fadtéarmach níos soiléire leis an bplean scoile.

- Thug údaráis na scoile deimhniú go bhfuil glactha go foirmiúil ag an mbord bainistíochta leis na Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile, gan athrú ná leasú, agus go bhfuil cleachtas na scoile ag teacht lena n-éilítear faoi Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile.

5. Cáilíocht an teagaisc, na foghlama agus ghnóthachtáil na ndaltaí

Tá cáilíocht an teagaisc, na foghlama agus ghnóthachtáil na ndaltaí sa Ghaeilge go maith. Tá foclóir leathan acu. Labhraíonn siad le líofacht agus le muinín i gcoitinne. Tá réimse leathan filíochta de ghlanmheabhair ag daltaí i roinnt ranganna agus moltar an dea-chleachtas seo a leathnú ar bhonn uile-scoile. Baintear leas oiriúnach as réimse téacsanna léitheoireachta. Moltar an obair seo a fhorbairt a thuilleadh agus téacsanna difreálaithe léitheoireachta a úsáid níos minicí. Tá breis forbartha le déanamh ar scileanna focail-aithint. Is scríbhneoireacht fheidhmiúil is mó a breathnaíodh le linn na meastóireachta. Moltar deiseanna rialta a sholáthair do dhaltaí a gcuid cruthaitheacht sa teanga a fhorbairt níos mó. Chuige seo, is fiú a scileanna litearthachta a fhorbairt ar bhonn comhtháite.

- The quality of teaching, learning and pupil achievement in English is generally good. Oral language is regularly taught with many classes having a clear focus on targeted language development. Pupils also recite a wide range of poetry in some classes. This should be extended across all classes. The school has successfully commenced early-intervention programmes. There is, however, a need for differentiated practice across the school. Novels are effectively used to develop literacy skills. Creative writing skills require development A majority of classes implement an integrated language approach to teaching English. This should now be extended on a whole-school basis.
  Tá cáilíocht an teagaisc, na foghlama agus gnóthachtáil daltaí go maith ar an iomlán. Múintear an teanga labhartha go rialta. Tá sprioc shoiléir ar theanga faoi leith a fhorbairt i ranganna áirithe. Aithrisíonn daltaí raon leathan filíochta i roinnt ranganna. Ba chóir an cleachtas seo a leathnú ar bhonn uile-scoile. Tá tús rathúil curtha le cláir luath-idirghabhála. Tá gá, áfach, le cleachtas difreálaithe ar fud na scoile. Baintear leas éifeachtach as úrscéalta chun scileanna litearthachta a fhorbairt. Tá gá le forbairt a dhéanamh ar scileanna scríbhneoireachta cruthaithí. Cuireann móramh ranganna cur chuige chomhtháite teanga i bhfeidhm i múineadh na teanga. Ba chóir é seo a leathnú ar bhonn uile-scoile.

- Tá cáilíocht an teagaisc, na foghlama agus ghnóthachtáil na ndaltaí sa Mhatamaitic go maith. Soláthraítear timpeallacht matamaitice spreagúla ins na seomraí ranga. Cuirtear béim láidir ar theanga na matamaitice i gcoitinne. Léiríonn daltaí cumas maith iad féin a chur in iúl ó thaobh na matamaitice de. Breathnaíodh ábhair inláimhsithe in úsáid go héifeachtach chun coincheapa a mhúineadh agus a threisiú. Chun tógáil ar an ndea-obair seo, moltar nasc níos minicí a dhéanamh le timpeallacht agus le saol na ndaltaí. Chomh

maith, ba de thairbhe na foghlama difreálú a fhorbairt níos mó ins na ceachtanna agus deiseanna a thabhairt do dhaltaí an próiseas matamaitice a mhíniú.

- Tá cáilíocht an teagaisc, na foghlama agus ghnóthachtáil na ndaltaí i dTíreolaíocht go maith. Le linn na meastóireachta, breathnaíodh cleachtas an-mhaith i roinnt suíomhanna teagaisc. Is léir ó iniúchadh ar chuntais mhíosúla go soláthraítear curaclam leathan san ábhar. Is ga, áfach, tíreolaíocht áitiúil a fhorbairt níos mó. Cé go bhfuil scileanna an-mhaith tíreolaíochta á fhorbairt i roinnt suíomhanna, tá gá iad seo a fhorbairt go córasach ar bhonn uile-scoile. Chuirfeadh sé le foghlaim na ndaltaí dá mbeadh tuiscint shoiléir acu ar na scileanna sainiúla tíreolaíochta.
- Tá raon leathan tástálacha diagnóiseacha in úsáid go cuí chun sain-riachtanais na ndaltaí a mheas . Baineann na múinteoirí gnáthranganna úsáid rialta as tástálacha oide-dheartha sa litearthacht agus san uimhearthacht go príomha. Moltar measúnú cuspóir-bunaithe a fhorbairt trasna an curaclam go córasach chun dul chun cinn a mheas. B'fhiú chomh maith anailís níos doimhne a dhéanamh ar thorthaí na dtástálacha éagsúla chun obair dhifrealáithe a phleanáil agus a chur i bhfeidhm.

6. Cáilíocht na tacaíochta do dhaltaí

- Soláthraíonn cúigear oide tacaíocht bhreise do dhaltaí sa scoil. Tugtar tacaíocht dóibh i litearthacht an Bhéarla agus na Gaeilge agus i Matamaitic. Is ar bhonn aistharraingthe don chuid is mó a sholáthraítear an tacaíocht seo. Moltar cothromaíocht níos mó a bheith idir aistharraingt agus tacaíocht in-ranga. B'fhiú go mór a dheimhniú go mbeidh ról cinnte ag na hoidí tacaíochta sa chóras tacaíochta in-ranga. Tá roinnt daltaí ag freastal ar níos mó ná oide tacaíochta amháin. B'fhiú an cleachtas seo a athrú. Breathnaíodh roinnt cleachtais inmholta le linn na meastóireachta ach is gá cleachtais eile a fhorbairt a thuilleadh i suíomhanna áirithe.
  Soláthraítear pleananna léinn aonair agus grúpaí rialta chun an obair a threorú. Moltar spriocanna níos sainiúla a chlárú ins na cáipéisí seo. Moltar chomh maith, athbhreithniú rialta a dhéanamh orthu i rith na bliana.

Aguisín

Freagra na Scoile ar an Tuairisc

Arna chur isteach ag an Bord Bainistíochta

Réimse 1: Tuairimí ar ábhar na tuairisce scoile

Fáiltímid roimh an tuairisc agus táimid meáite ar leas a baint as a bhfuil inti chun tuilleadh feabhais a chur ar sholáthar an oideachais sa scoil.

Réimse 2: Gníomhartha leantacha a rinneadh nó atá beartaithe le déanamh ó cuireadh críoch leis an ngníomhaíocht chigireachta chun tátail agus moltaí na cigireachta a chur I bhfeidhm

Cuirfear moltaí na gcigirí faoin gcumarsáid idir an bord agus tuismitheoirí I bhfeidhm láithreach. Tá moltaí tuismitheoirí á lorg maidir leis na slite is fear chun é seo a dhéanamh. Tá tús curtha le próiseas machnaimh ag leibhéal an bhoird agus ag leibhéal na foirne d'fhonn ord tosaíochta a aithint maidir le cur I bhfeidhm na moltaí eile augs ullmhófar plean gníomhaiochta chuige seo. Déanfaidh an bhainistíocht monatóireacht agus measúnú cuí ar an obair.